

ACADAMH  
RÍOGA  
NA HÉIREANN  
**PLEAN**  
**STRAITÉISEACH**  
2013—2018



## Réamhrá an Uachtaráin

Is é seo an tríú plean straitéiseach atá foilsithe ag an Acadamh. Ar bhealaí áirithe, is é seo an plean is radacaí agus (ar shlí dhearfach) an ceann is coimeádaí. Glacann sé an tAcadamh ar ais chuig a fhréamhacha agus cuireann sé ár mbunús os ár gcomhair. Ag an am céanna, tugann sé léargas dúinn ar ár gceann scríbe agus ar an méid gur chóir dúinn a dhéanamh. Tá sé gearr, soiléir agus saor ó théarmaíocht na bainistíochta. Déanann sé scáthántacht ar an Acadamh, áit ina bhfuil áilleacht maraon le roinnt lochtanna le feiceáil, agus cuireann sé ár bhfreagrachtaí do shaol an léinn agus don tsochaí shibhialta faoinár mbráid.

Ní fhéadfaí a bheith ag súil le níos lú ó Choiste Pleanála Straitéisigh faoi chathaoirleacht fhealsúnaí agus eiticí aitheanta, le hardtaithí riaracháin agus polaitíochta. Tá an tAcadamh go mór faoi chomaoin ag Onora O'Neill agus a comhghleacaithe as an obair dhian atá déanta acu agus iad ar an gCoiste. Mar a luaigh mé ag pointe amháin i rith an phróisis, tá cosúlachtaí idir tabhairt faoi athbhreithniúchán straitéiseach agus inneall a thógáil as a chéile. Leath bealaigh tríd, bíonn píosaí caite ar fud na háite agus bíonn cuma air gur praiseach gan dóchas atá ann. Bíonn ort gach uile phíosa a ghlanadh agus scrúdú a dhéanamh air. Ansin cuireann tú an t-inneall le chéile arís, ach an uair seo bíonn a fhios agat cad a dhéanann gach píosa, cad iad na píosaí atá caite, cén píosaí atá gan mhaith agus atá le hathsholáthar, cad atá in easnamh &rl. Tá an Coiste Athbhreithniúcháin i ndiaidh mionscrúdú críochnúil a dhéanamh ar an Acadamh agus tá a thuairisc agus a chuid moltaí os ár gcomhair anois. Go saoihiúil, seachnaíonn an plean straitéiseach seo cur

● Déanann sé scáthántacht ar an Acadamh, áit ina bhfuil áilleacht maraon le roinnt lochtanna le feiceáil, agus cuireann sé ár bhfreagrachtaí do shaol an léinn agus don tsochaí shibhialta faoinár mbráid. ●

chuige atá ró-shaintreorach. Tá an timpeallacht sheachtrach chomh neamhchinnte faoi láthair go mbeadh sé mí-stuama an iomarca spriocanna a leagan síos nó bunspriocanna sainiúla a gheallúint. Faoi mar is ceart, is í Comhairle an Acadaimh atá freagrach as na hoirbhirt agus na hacmhainní atá de dhíth a aimsiú chun fíis leathan an phlean seo a chur i bhfeidhm.

Seo cuid de na teachtaireachtaí atá bailithe agam féin ón bpróiseas athbhreithniúcháin straitéisigh - gur luach lárnach é ár neamhspleáchas agus gur ghá dúinn é a chosaint, go bhfuil ar an Acadamh níos mó a dhéanamh do na baill agus ar an gcaoi chéanna gur chóir do na baill níos mó a dhéanamh don Acadamh, gur féidir teacht ar shármhaitheas eolaíochta agus léinn taobh amuigh de pháil na ndisciplíní traidisiúnta, gur ghá dúinn teacht ar bhealaí nua chun coinneáil lenár gcuid spriocanna agus de réir a chéile, go mbeidh gné dhigiteach ag baint leis an obair seo.

Tá a lán oibre le déanamh. Tá plean maith againn chun muid a threorú, tugaimis faoi.



Luke Drury, Márta 2013

## Acadamh Ríoga na hÉireann

Cumann léannta neamhspleách uile-Éireann a bunaíodh faoi chairt sa bhliain 1785 atá in Acadamh Ríoga na hÉireann. Faoi láthair, tá níos mó na 450 Ball aige a toghadh toisc a sárthaighde sna heolaíochtaí, sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta. Mar atá leagtha síos sa Chairt bhunaidh, tá an tAcadamh á rialú ag Uachtarán, agus ag Comhairle a bhíonn tofa ag na baill ag cruinniú ginearálta san earrach gach bliain.

## Aidhm an Acadaimh

Óna thús, thug Acadamh Ríoga na hÉireann tacaíocht agus gradam d'fheabhas léinn agus taighde ar oileán na hÉireann, agus bhí ról suntasach aige i gcur chun cinn luach na n-eolaíochtaí, na ndaonnachtaí agus na n-eolaíochtaí sóisialta sa tsochaí.

I rith na cúig bliana ó 2013 go 2018, beidh an tAcadamh ag cur lena thraidisiún léinn féin agus ag obair chun fiúntas thaighde agus léinn don phobal a fheabhsú. Beidh sé ag gníomhú chun pobal an léinn ar oileán na hÉireann a chothú agus an pháirt a ghlacann siad i gcúrsaí léinn idirnáisiúnta a neartú.

## Ról an Acadaimh Ag Freastal ar Léann, ar Thaighde agus ar Éirinn

Tá clú idirnáisiúnta ar Acadamh Ríoga na hÉireann as feabhas léinn a chur chun cinn, aitheantas a thabhairt do ghradaim léinn agus cláir thaighde a stiúradh. Trína mhórtionscnaimh thaighde féin, go háirithe i réimsí a bhaineann le hÉirinn, le hoidhreacht na hÉireann agus leis na daonnachtaí digiteacha, glacann an tAcadamh ról suntasach air féin stair agus oidhreacht na hÉireann a scaipeadh tríd an bpobal léinn domhanda. Tá leabharlann an Acadaimh ar cheann de phríomhleabharlanna thaighde na hÉireann. Ní hamháin go bhfuil bailiúchán uathúil lámhscríbhinní meánaoiseacha na hÉireann ann, ach tá bailiúchán substaintiúil ábhar ó thréimhsí níos déanaí ann, chomh maith le hábhar comhaimseartha. Baineann scoláirí san iliomad réimse úsáid as an ábhar seo go léir. Tá an tAcadamh gníomhach san fhoil-sitheoireacht acadúil agus cuireann a chuid leabhar, irisí, paimfléad, tuairiscí, léarscáileanna agus fascúl, ábhar ón léann Éireannach is déanaí ar fáil don phobal i gcoitinne.

Cuireann an tAcadamh rochtain ar fáil do ghréasáin luachmhara shaineolas léannta ar fud an domhain. Sa bhealach seo gníomhaíonn sé mar thairseach shuntasach do phlé idirnáisiúnta ar an léann a bhfuil scoláirí agus taighdeoirí Éireannacha bainteach leis. Chomh maith leis sin, cuidíonn an tAcadamh le hiarrachtaí phróifíl idirnáisiúnta na hÉireann a ardú. Cuireann an tAcadamh maoiniú ar fáil agus déanann sé riaradh ar mhaoiniú do thaighdeoirí trína chlár dheontas ard-iomaíoch. Tacaíonn sé chomh maith le hiarrachtaí cuidiú le scoláirí luath-ghairme gréasáin idirnáisiúnta a chruthú, agus páirt a ghlacadh i dtionscnaimh phobal-pháirtíochta.

Cuireann an tAcadamh bealach iontaofa agus neodrach ar fáil ionas gur féidir saineolas phobal eolaíochta agus léannta na hÉireann a sholáthar don chóras cheapadh beartais agus don phlé poiblí. Tríd na seimineáir, na ceardlanna agus na léachtaí a eagraíonn coistí an Acadaimh agus trína gcuid foilseacháin ghaolmhara, cuireann an tAcadamh le plé poiblí ar ábhair mhórshuime do lucht na n-eolaíochtaí, na ndaonnachtaí agus na n-eolaíochtaí sóisialta.

## An Próiseas Athbhreithniúcháin

I mí na Márta 2012, d'aithin an tAcadamh go raibh gá ann leis an bPlean Straitéiseach 2007-2012 a athnu-  
achan agus cheap Comhairle Acadamh Ríoga na  
hÉireann Coiste Pleanála Straitéisigh chun tosaíochtaí an  
Acadaimh don tréimhse 2013-2018 a mholadh.  
Ceapadh an Bhanbharún Onora O'Neill, MRIA Oinigh,  
ina cathaoirleach ar an gcoiste seo.

Chomh maith le bheith ag obair idir chruinnithe, tháinig  
an coiste le chéile cúig huairé idir Aibreán agus Deireadh  
Fómhair 2012. Chuaigh sé i gcomhairle go forleathan le  
Baill, leis an bhfoireann, le coistí an Acadaimh, le daoine  
le suim san ábhar agus le forais sheachtracha. Chuaigh  
taithí acadaimh idirnáisiúnta eile i bhfeidhm ar an  
gcoiste chomh maith, go háirithe Acadamh na Breataine  
(the British Academy), an Cumann Ríoga (the Royal  
Society) agus Cumann Ríoga na Nua-Shéalainne (the  
Royal Society of New Zealand).

Tá Comhairle agus Baill an Acadaimh aontaithe anois ar  
shé cinn de thosaíochtaí straitéiseacha don tréimhse  
2013-2018. Cuireann na tosaíochtaí seo le, agus tóg-  
faidh siad ar, gníomhaíochtaí reatha an Acadaimh, agus  
beidh tionchar acu ar obair an Acadaimh thar na cúig  
bliana atá le teacht.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha 2013–2018

- 1** Rannpháirtíocht an Acadaimh i gcúrsaí léinn  
idirnáisiúnta agus uile-oileáin a fhorbairt
- 2** Ról an Acadaimh mar lárionad thaighde,  
scoláireachta agus léinn a fheabhsú
- 3** Rannpháirtíocht agus tuiscint an phobail ar na  
heolaíochtaí, ar na daonnachtaí agus ar na heo-  
laíochtaí sóisialta a fheabhsú
- 4** Tionchar eolas léinn agus thaighde acadúil sa phlé  
poiblí agus i gceapadh bheartas poiblí a neartú
- 5** Rannpháirtíocht na mBall i saol léinn an Acadaimh  
a athnuachan agus a dhoimhniú
- 6** Todhchaí bheoga agus inbhuanaithe a chruthú don  
Acadamh

## Rannpháirtíocht an Acadaimh i gcúrsaí léinn idirnáisiúnta agus uile-oileáin a fhorbairt

Tá an tAcadamh ar cheann de líon beag institiúidí in Éirinn a fheidhmíonn ar bhonn uile-oileáin. Beidh tábhacht faoi leith ag baint leis seo sna deich mbliana atá le teacht, nuair a bheidh comóradh an chéid éagsúla á marcáil agus ina bhféadfadh athrú bunreachtúil tarlú sa Ríocht Aontaithe. Cuirfidh an tAcadamh le hobair a Choiste Seasta Thuaidh-Theas chun naisc níos láidre a chruthú agus rannpháirtíocht thuaidh-theas a dhoimhniú.

Beidh an tAcadamh ag lorg deiseanna chun páirt ghníomhach a ghlacadh le háisíneachtaí atá ag cruthú pholasaí eolaíochta na hEorpa, chun ár gcomhghleacaithe Eorpacha a chur ar an eolas faoi imeachtaí in Éirinn agus chun tionchar thaighdeoirí Éireannacha a chur chun cinn. Doimhneoidimid ár naisc lenár gcomhacadaimh, go háirithe leis an gCumann Ríoga (the Royal Society), le hAcadamh na Breataine (the British Academy) agus le Cumann Ríoga Dhún Éideann (the Royal Society of Edinburgh). Déanfaimid athbhreithniú ar ár rannpháirtíocht fhadtéarmach i ngréasáin thábhachtacha léinn le cinntiú go bhfuil siad ag cur le, agus ag tacú le, tosaíochtaí straitéiseacha an Acadaimh. Tabharfaimid tús áite do rannpháirtíocht le tionscnaimh idirnáisiúnta comhoibríocha a thacaíonn leis an léann agus leis an taighde. Déanfaimid iarracht ár ngradaim thaistil idirnáisiúnta a fheabhsú chun taighdeoirí luathghairme a ghríosadh agus chun tacú leo.

## Ról an Acadaimh mar lárionad thaighde, scoláireachta agus léinn a fheabhsú

Lárnach don tosaíocht seo, tá tiomantas an Acadaimh tacú le sárthaighde thar na disciplíní ar fad agus coinneáil le hardchaighdeán inár gcuid taighde féin ag an am céanna.

Tá tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint le leabharlann an Acadaimh. Tugann an tAcadamh faoi fhoilsitheoireacht acadúil i réimsí le tábhacht náisiúnta agus déanann sé bainistíocht ar thionscnaimh i ndisciplíní cultúrtha agus staire. Leanfaimid orainn ag forbairt agus ag beachtú na ngníomhaíochtaí seo. Chun tacú leo, athdhearbhóimid ár dtiomantas do chomhthaighde agus don taighde aonair, do chomhpháirtíochtaí léinn agus do mhaoiniú faoi leith a shainaitheint.



Tá buanna agus eolas faoi leith ag an tAcadamh sna daonnachtaí digiteacha agus forbróimid ár ról mar ionad barr feabhais sa réimse seo.

Forbróimid agus feabhsóimid láithreach dhigiteach agus próifíl phoiblí an tAcadaimh tríd a thuilleadh forbartha a dhéanamh ar Straitéis Dhigiteach an tAcadaimh.

Rannpháirtíocht agus tuiscint  
an phobail ar na heolaíochtaí,  
ar na daonnachtaí agus ar  
na heolaíochtaí sóisialta  
a fheabhsú

Ag obair le páirtithe leasmhara eile, cuirfidh an tAcadamh lena chumas an pháirt a ghlacann an t-ardoideachas, an taighde agus an léann inár sochaí, inár gcultúr agus inár n-eacnamaíocht a chur in iúl agus tábhacht agus éagsúlacht an ról sin a léiriú.

Tacóidh an tAcadamh le hiarrachtaí tuiscint an phobail a neartú ar ghníomhaíochtaí léannta trí léachtaí, foilseacháin, taispeántais, seimineáir, plé agus ceardlanna a eagrú agus tríd an obair a dhéanann a chuid coistí. Éascóidh agus spreagfaidh an tAcadamh taighdeoirí agus scoláirí cumarsáid níos fearr a dhéanamh ar mhórchéiteanna an phobail. Glacfaimid go fonnmhar leis na deiseanna a chuireann teicneolaíochtaí nua ar fáil a léiríonn an luach dearfach agus an tionchar a bhíonn ag an taighde agus ag an léann. Leanfaimid orainn ag obair chun próifíl phoiblí láidir a chruthú don institiúid.

Tionchar eolas léinn agus  
thaighde acadúil sa phlé  
poiblí agus i gceapadh  
bheartas poiblí a neartú

Éascóidh an tAcadamh comhobair níos fearr idir thaighdeoirí, lucht déanta beartas agus an pobal i gcoitinne. Forbróimid ár ról mar fhóram neamhspleách agus féinrialaitheach le haghaidh díospóireachta agus chomhphlé ar nithe a bhaineann leis na heolaíochtaí, leis na daonnachtaí agus leis na heolaíochtaí sóisialta. Glacfaidh an tAcadamh páirt i ngníomhaíochtaí pholasaí ar ábhair a théann i gcionn ar chleachtadh léinn agus taighde. Beimid mar ionadaí ar léargas lucht na neolaíochtaí, na ndaonnachtaí agus na neolaíochtaí daonna agus muid ag plé le lucht déanta beartas agus le páirtithe leasmhara eile agus tacóimid leis an léargas sin.

Éascóimid rochtain níos fearr do lucht déanta beartas, don phobal, d'earnáil an ghnó agus d'institiúidí cultúrtha eile ar fud oileán na hÉireann ar shaineolas cuí, ó phobail an léinn agus an taighde.

## Rannpháirtíocht na mBall i saol léinn an Acadaimh a athnuachan agus a dhoimhniú

Aithníonn an tAcadamh feabhas léinn agus taighde sna disciplíní go léir. Déanfaidh Comhairle an Acadaimh athbhreithniú ar a bpróisis agus ar a struchtúir chun éagsúlacht i measc na mBall a chinntiú, ag tabhairt airde speisialta ar inscne, ar ionadaíocht ó dhisciplíní acadúla éagsúla agus ar aitheantas a thabhairt don fheabhas sa taighde agus sa léann taobh amuigh den chóras ard-oideachais.

Cinntoidh an tAcadamh go bhfuil na Baill ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí an Acadaimh agus cuirfidh sé fáilte rompu rannpháirtíocht níos iomláine a ghlacadh sna gníomhaíochtaí seo.

Baileoimid eolas faoi shaineolas agus faoi shuimeanna na mBall chun teagmháil a éascú idir na Baill agus lucht déanta beartas agus leis an bpobal.

Rachaidh an tAcadamh i dteagmháil leis na Baill le fáil amach conas forbairt a dhéanamh agus feabhas a chur ar ghníomhaíochtaí agus ar sheirbhísí dóibh.

## Todhchaí bheoga agus inbhuanaithe a chruthú don Acadamh

Bíonn tosaíocht i gcónaí ag gníomhaíochtaí ar mhaithe le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach agus le sláinte airgeadais an Acadaimh a neartú. Don tréimhse 2013-2018, tabharfaidh an tAcadamh faoi:


straitéisí a fhorbairt chun foinsí maoinithe nua a aimsiú don Acadamh;

próifíl phoiblí agus aitheantas an Acadaimh a ardú;

athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir inmheánacha, le cinntiú go bhfuil siad oiriúnach chun an plean a socraíodh air a chur a gcrích;

comhobair idir institiúidí a chur chun cinn, agus na costais chuí a roinnt nuair is féidir;

athbhreithniú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht an Acadaimh agus ar a chlár, ar bhonn rialta, agus torthaí na dtuairiscí sin a chur faoi bhráid na mBall agus na foirne.



## Conclúid

Chuidigh torthaí an athbreithniúcháin, a chuir tús leis an bplean straitéiseach don tréimhse go dtí 2018, go mór le hathdhearbhú bhun-luachanna an Acadaimh, ach ag an am céanna thug siad dúshlán do Chomhairle an Acadaimh, agus dá Bhaill, tús a chur le próiseas leasúcháin, athnuachana, agus feidhmiúcháin, faoi na réimsí tosaíochtaí thuasluaite. Táimid muiníneach gur féidir an plan seo a úsáid chun Acadamh láidir, inbhuanaithe a fhorbairt, agus go bhfreastalóidh an tAcadamh ar riachtanais an phobal léinn in Éirinn sa chéad atá romhainn.

Onora O'Neill  
Cathaoirleach, An Coiste Pleanála Straitéisigh

Tom Brazil  
Rúnaí, Acadamh Ríoga na hÉireann

**Ballraíocht Choiste an  
Phlean Stráitéisigh don  
bhliain 2012**

Onora O'Neill, MRIA Oinigh (Cathaoirleach)  
Tom Brazil, MRIA  
Mary Canning, MRIA  
Bernadette Cunningham, Ionadaí na Foirne  
John Hegarty, MRIA  
Eugene Kennedy, MRIA  
Colm Lennon, MRIA  
Laura Mahoney, Runaí Feidhmiúcháin (Gníomhach)  
John Pethica, MRIA  
Frances Ruane, MRIA

Ag freastal  
Rebecca Gageby, Clárghainisteoir Sinsearach  
Sinéad Riordan, Oifigeach Pholasáí Sinsearach

### Ealaín agus Ailtireacht na hÉireann (Art and Architecture of Ireland–AAI)

Sa bhliain 2014, foilséoidh an tionscnamh cúig imleabhar de shaothar acadúil, ar ealaín agus ar ailtireacht na hÉireann, a chlúdóidh an tréimhse ón meánaois go dtí deireadh na haoise seo caite. Foilseofar eagrán speisialta do bhailitheoirí ag an am céanna. Cé gur scríobh scoláirí mór le rá an saothar seo, agus go bhfuil sé bunaithe ar an taighde is déanaí, tá sé dírithe ar bhaill an phobail i gcoitinne a bhfuil spéis acu in ealaín agus in ailtireacht na hÉireann. Níl ann do shaothar cuimsitheach ar bith mar seo. Cuirfidh an saothar seo ealaín na hÉireann go mór chun cinn i gcomhthéacs domhanda, agus cuideoidh sé le clú na healaíne agus an taighde acadúil in Éirinn a neartú.

### Coistí agus Grúpaí Oibre

Is óna gcoistí a eascraíonn cuid mhaith de láidreacht agus de spreacadh an Acadaimh sa lá atá inniu ann. Bíonn scoláirí acadúla, taighdeoirí, ionadaithe ó ranna rialtais, agus ó eagraíochtaí cuí eile mar bhaill de na coistí seo. Bíonn sé mar chuspóir acu suim ina n-ábhar léinn féin a chur chun cinn, a chinntiú go ndéantar forbairt ar pholasaithe, comhairle neamhspleách a thairiscint, ráitis phoiblí a ullmhú agus gníomhaíochtaí tábhachtacha a eagrú.

### Taisclann Dhigiteach na hÉireann (Digital Repository of Ireland–DRI)

Is taisclann náisiúnta, idirghníomhach, iontaofa, dhigiteach í Taisclann Dhigiteach na hÉireann, d'ábhar comhaimseartha agus stairiúil, sóisialta agus cultúrtha, atá i seilbh institiúidí na hÉireann. Teastaíonn ón tionscnamh seo eolas a thabhairt do lucht déanta beartas maidir leis an gcaomhnú digiteach, agus le rochtain ar an ábhar sin. Soláthraíonn an tionscnamh seo pointe rochtana lárnach ar an idirlíon, agus uirlisí ilmheánacha idirghníomhacha don phobal, do mhic léinn agus do scoláirí. Is é an tAcadamh an institiúid stiúrtha sa tionscnamh seo, a mhairfidh ceithre bliana. Tá sé maoinithe ag sraith 5 de chuid an Chlár um Thaighde in Institiúidí Triú Leibhéal (CTITL), agus tá sé bhall acadúil mar chuid de chuibhreannas taighde na taisclainne.

Foclóir Bheathaisnéis na  
hÉireann (Dictionary of  
Irish Biography – DIB)

Is é an saothar deifnídeach thagartha é il-imleabhar Fhoclóir Bheathaisnéis na hÉireann, a chuimsíonn tagairtí do shaoil Éireannaigh thábhachtacha, idir fhir agus mhná, atá imithe ar shlí na fírinne. Foilsíodh an foclóir i gcomhpháirtíocht le Cambridge University Press, agus seoladh é i mí na Samhna 2009. Déantar leasú chun dáta ar an leagan ar líne faoi dhó in aghaidh na bliana.

Foclóir den Laidin  
Mheánaoiseach ó Fhoinsí  
Ceilteacha (Dictionary of  
Medieval Latin from Celtic  
Sources–DMLCS)

Is tionscnamh comhtháite é seo idir fhoclóir agus bhunachar. Tá sé dírithe ar chur leis an léann Pátríoch, meánaoiseach, agus ceilteach, agus le léann na Laidine, trí fhoilsíú, thiomsú agus thaighde a dhéanamh ar shaothair oiriúnacha, idir shaothair dhigitithe agus shaothair sna meáin thraidisiúnta. Tá an tionscnamh seo mar chuid de fhine tionscnamh dá leithéid atá ar siúl ar fud na hEorpa, agus tá sé mar aidhm aige anailís agus léiriú a dhéanamh ar théacsanna scríofa sna tíortha ina raibh an Cheiltis mar theanga labhartha sna luath-meánaoiseanna, agus ar théacsanna a scríobhadh sna mainistreacha a bhunaigh oilithrigh Éireannacha.

Cáipéisí ar Bheartas  
Eachtrach na hÉireann  
(Documents on Irish Foreign  
Policy–DIFP)

Cuireann an tionscnamh seo taifead cuimsitheach ar fáil, ó fhoinsí cartlainne, de ghníomhaíochtaí agus de bhreitheanna tábhachtacha a bhain le beartas eachtrach na hÉireann ón mbliain 1919. Is acmhainn phoiblí riachtanach é dóibh siúd atá i mbun staidéir ar stair na hÉireann san fhichiú haois. Tá sé mar chuspóir ag an tionscnamh tuiscint ar bhunús, ar fhorbairt agus ar fhorghníomhú bheartas eachtrach na tíre seo a chur ar fáil don phobal, agus spéis an phobail i stair chaidrimh idirnáisiúnta na hÉireann a mhéadú.

Foclóir na  
Nua-Ghaeilge (FNG)

Tá sé mar chuspóir ag an tionscnamh Foclóir Stairiúil na Nua-Ghaeilge a thiomsú.

Faoi láthair, tá foireann FNG i mBaile Átha Cliath agus i nDún na nGall i mbun chorpas théacsanna Gaeilge a bhaineann leis an tréimhse 1882-2000 a chur le chéile. Beidh ábhar foilsithe agus neamhfoilsithe, ábhar ón bhfocal labhartha agus ón mbéaloideas san áireamh sa chorpas seo. Bainfear úsáid as na focail ó na téacsanna seo chun Foclóir Stairiúil na Nua-Ghaeilge a dhréachtadh.

## Deontais agus Duaiseanna

Déanann an tAcadamh riaradh ar réimse leathan deontas agus duaiseanna a bhaineann leis na heolaíochtaí, leis na daonnachtaí, agus leis na heolaíochta sóisialta. Tugtar maoiniú do dhaoine faoi réimse leathan scéimeanna éagsúla. In éineacht leo sin, tugann an tAcadamh moladh d'ard-smaointeoirí na hÉireann trí Scéim na mBonn Óir.

## Atlas Bhailte Stairiúla na hÉireann (Irish Historic Towns Atlas–IHTA)

Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo taifead a choinneáil ar fhorbairt thopagrafach bhailte áirithe in Éirinn. Foilsítear eolas faoi gach baile leis féin mar fhascúl, nó mar chomhad ina mbíonn sraith léirscáileanna agus pleananna stairiúla, chomh maith le léaráidí agus le téacs mionsonraithe. Tá an tionscnamh seo mar chuid de scéim Eorpach faoina bhfuil atlais den chineál céanna a bhaineann le bailte i dtíortha éagsúla ar fáil.

## Comhobair Idirnáisiúnta

Bíonn an tAcadamh ag obair le réimse leathan páirtnéirí chun caidrimh idirnáisiúnta a chothú agus a fhorbairt, agus chun líonrú agus comhobair a chur chun cinn i measc lucht léinn agus thaighdeoirí in Éirinn agus thar lear. Is ball bhunaidh é an tAcadamh de EASAC (European Academies Science Advisory Council), bunaithe ag na hacadaimh náisiúnta eolaíochta i mBallstáit an Aontas Eorpaigh, chun comhobair a éascú agus comhairle á cur acu ar lucht déanta beartas na hEorpa. Is ball fadtéarmach é an tAcadamh de ALLEA, cónaidhm acadamh náisiúnta na hEorpa. Cuireann an tAcadamh maoiniú ar fáil do ghníomhaíochtaí agus do thaighde idirnáisiúnta trí shraith chomhaontuithe agus scéimeanna deontais.

## An Leabharlann

Tá leabharlann fíor-thábhachtach in Acadamh Ríoga na hÉireann a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi. Ina seilbh, tá bailiúcháin lámhscríbhinní, phaimfléad, líníochtaí agus leabhar luath-chlóite nach bhfuil le sárú áit ar bith eile ar domhan. Tá an corpas lámhscríbhinní Gaeilge is mó ar domhan, an lámhscríbhinn Ghaeilge is sine ar domhan, agus téacsanna tábhachtacha eile ar fáil i leabharlann an Acadaimh. Cuireann an leabharlann cláir rochtana agus for-rochtana ar fáil, chomh maith le máistir-ranganna agus cuairteanna a éascú, taispeántais agus sraitheanna léachtaí a eagrú, agus saothair a fhoilsiú ar na bailiúcháin éagsúla atá ina seilbh.

## Ballraíocht

Bronntar ballraíocht Acadamh Ríoga na hÉireann ar dhaoine a bhfuil ard-ghradam bainte amach acu trína gcuid oibre sainiúil chun leasa an oideachais agus an taighde. Gach bliain, togtar suas go fiche Ball nua ón bpobal acadúil ar bhonn trasteorann, ó réimsí éagsúla sna heolaíochtaí, sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta. Bronntar ballraíocht Acadamh Ríoga na hÉireann mar aitheantas poiblí ar ardchaighdeán feabhais acadúil. Is í an onóir acadúil is airde in Éirinn í. Cuidíonn Baill leis an Acadamh trí shain-chomhairle a thabhairt do Chomhairle an Acadaimh agus do na coistí éagsúla, trí bheith mar ionadaithe an Acadaimh ag ócáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus trí mhisean straitéiseach an Acadaimh a chur chun cinn.

## Coiste Seasta Thuaidh-Theas

Bunaíodh an coiste seo ar an 14 Bealtaine 2012 chun misean straitéiseach iomlán an Acadaimh a chur chun cinn in Éirinn, trí láithreach an Acadaimh a neartú i dTuaisceart na hÉireann. Cuideoidh an coiste le foráil an Acadaimh dá mBaill féin agus don phobal acadúil sa Tuaisceart, trí ról tacaíochta a bheith aige in imeachtaí, i gceardlanna agus i léachtaí a phoiblíú, idir ócáidí don phobal agus ócáidí do shaineolaithe.

Cuirfidh an coiste le tionscnaíocht trasteorann trí chaidrimh a chruthú agus líonrú leis na páirtithe leasmhara cuí.

## Polasaí agus Tacaíocht

Is tacaí é an tAcadamh le leasanna an phobal léinn agus taighde sna heolaíochtaí, sna daonnachtaí agus sna heolaíochta sóisialta. Tá sé mar chuspóir ag an Acadamh cur le forbairt na timpeallachta acadúla ionas gur féidir leo siúd atá i mbun an taighde agus an léinn barr feabhais a bhaint amach. Teastaíonn ón Acadamh eolas a thabhairt dóibh siúd a chumann nó a bhíonn tionchar acu ar pholasaithe a bhaineann leis an taighde agus leis an léann. Tacaíonn sé le ról an eolais léinn agus eolaíochta, i gcruthú agus i bplé pholasaí poiblí.



## Foilseacháin

Tá an tAcadamh ar cheann de na foilsitheoirí is fadbhunaithe in Éirinn. Bunaíodh é sa bhliain 1785, agus thosaigh sé ag foilsiú pháipéir acadúla sa bhliain 1787 in imleabhar dár teideal *Transactions*, (foilsítear anois é faoin teideal *Proceedings*). Foilsítear sé chinn d'irisí, ó réimsí éagsúla acadúla a bhaineann leis na heolaíochtaí, leis na daonnachtaí agus leis na heolaíochta sóisialta ar bhonn bliantúil anois. Foilsíonn an tAcadamh sraitheanna agus monagraif chomh maith, bunaithe go minic ar a gcuid tionscamh taighde féin, in éineacht le leabhair a bhfuil sé mar aidhm acu ábhar léinn a chur faoi bhráid an phobail.

## An Léann

Tá stair agus traidisiún mórchúiseach ag an Acadamh. Tá an institiúid i mbun pháipéir acadúla a fhoilsiú agus tionscnaimh thaighde a stiúradh óna tús. Ó shin ar aghaidh, lean sí leis an taighde a chur chun cinn, agus tuiscint an phobail a fhorbairt maidir le hábharthacht an taighde sa tsochaí. Bhunaigh sí caidrimh oibre le hollscoileanna na hÉireann agus le hinstitiúidí oideachais thar lear, agus anois bíonn an tAcadamh mar ionadaí na hÉireann ar os cionn tríocha eagraíochtaí léinn idirnáisiúnta.



Acadamh Ríoga na hÉireann, 19 Sráid Dásain, Baile Átha Cliath 2. T: +353 1 676 2570  
[www.ria.ie](http://www.ria.ie)